Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10952 – NBIM / PSPIB / CAPITAL PARK)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 448/08)

1. An 16 Samhain 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Norges Bank Investment Management ("NBIM", an Iorua),

— Public Sector Pension Investment Board ("PSPIB", Ceanada),

— Longfellow Strategic Value UK I, LP ("CPC Partnership", an Ríocht Aontaithe) agus Longfellow Strategic Value UK II, LP ("NewCo", an Ríocht Aontaithe).

Gheobhaidh NBIM agus PSPIB rialú comhpháirteach ar CPC Partnership agus NewCo de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is rannán bainistíochta infheistíochta de Norges Bank é NBIM agus déanann sé bainistíocht ó lá go lá ar an Government Pension Fund Global thar ceann Aireacht Airgeadais na hIorua,

— Is é PSPIB bainisteoir infheistíochta pinsin na bpleananna pinsin atá ag Seirbhís Phoiblí Fheidearálach Cheanada, Arm Cheanada, Póilíní Capall Ríoga Cheanada agus an Fórsa Cúltaca,

— Tá leas 100 % ag CPC Partnership i bhforbairt eastáit réadaigh ilchineálaigh ar a dtugtar Capital Park, atá lonnaithe in Cambridge na Ríocht Aontaithe, agus ligfidh sé maoin eastáit réadaigh ar léas do thríú páirtithe sa Ríocht Aontaithe,

— Déanfaidh NewCo infheistíocht i sócmhainní maoine eastáit réadaigh sa Ríocht Aontaithe, agus oibreoidh agus bainisteoidh sé iad. Ní bheidh CPC Partnership agus NewCo gníomhach ach sa Ríocht Aontaithe.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10952 – NBIM / PSPIB / CAPITAL PARK

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË